GX1276

OLLSCOIL NA HÉIREANN, GAILLIMH

DARA BLIAIN: STAIR
DARA SEIMEASTAR 1998-9
HI230: STAIR SHÓISIALTA NA HEORPA 1650-1750

S. Ó Dubhthaigh
Niall O Ciosáin
Nicholas Canny

AM: 2 UAIR A CHLOIG; TRÍ CHEIST LE FREAGAIRT, CEANN AMHÁIN AR A LAGHAD AS AN DÁ ROINN (A & B)

A.

1. Cérbh iad na constaicí a bhí ós comhair údaráis na gcathrach sa seachtú céad déag agus iad ag iarraidh dul i ngleic leis an bpláigh? (Féadfaidh tú plé a dhéanamh ar chás na hIodáile nó ar chás na hEorpa, pé acu is fearr leat.)
NÓ
An de bharr athraithe bitheolaíochta nó de bharr gníomhartha daonna a tháinig meath ar an bpláigh in iarthar na hEorpa?

2. Céard atá i gceist le 'réabhlóid talmhaíochta' agus cén cineál slat tomhais is féidir a úsáid len a leithéid a mheas?
NÓ
Cérbh iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhain leis an gcóras cimínteachta (common fields)?

3. Céard ba bhun le fás na bhfórsaí cogaíochta san Eoraip i dtréimhse na luath nuastaire, dar leat?

B.

4. Cérbh iad na tréithe a bhí éagsúil i sochaí na tuaithe idir iarthar agus oirthear na hEorpa?

5. 'Murab ionann agus an lá inniu, ba bheag smacht a bhí ag daoine ar rátaí báis nó rátaí breithe i dtréimhse na luath nuastaire'. An aontaíonn tú leis an ráiteas seo?

6. Céard a bhí éagsúil faoin 'bpatrún pósadh Eorpach'?
NÓ
Cé chomh mór agus a bhí teaghlaigh i dtréimhse na luath nuastaire?

7. Deirtear gur beag fás nó forbairt a tháinig ar an saol eacnamaíoch nó sóisialta idir 1650 agus 1750, murab ionann agus an chéad bliain a tháinig roimhe. An bhfuil sé seo cruinn, dar leat?

féach thall/

8. Ba í Poblacht na hÍsiltíre ba ghníomhaí, ba fhorbartha agus ba láidre i gcúrsaí eacnamaíochta san Eoraip sa séú agus sa seachtú céad déag, dar le Cipolla. Conas a raibh an stádas seo bainte amach aici?

9. 'Bhí níos mó i gceist le bailte ná líonmhaireacht na ndaoine; cineál pobail a bhí iontu a raibh slí bheatha agus structúr dá gcuid féin acu'. (Munck). Cén difríochtaí a bhí ann idir an sochaí faoin tuath agus an sochaí sna bailte?
NÓ
'Tháinig fás agus meath ar dhaonra na gcathracha Eorpacha i gcoimhneas le fás agus meath feidhmeanna na gcathracha sin' (De Vries). Pléigh an ráiteas sin maidir leis an tréimhse 1650-1750.

10. Cén gaol a bhí ann idir gluaiseachtaí daonra agus forbairt tionscailíochta san Eoraip sa seachtú agus san ochtú céad déag?
NÓ
Ó dheireadh an seachtú céad déag ar aghaidh, bhí tionscail áirithe dhá mbunú faoin tuath seachas sna bailte. Céard ba bhun leis seo?

11. Faoin mbliain 1750, bhí forbairt ollmhór tagtha ar chóras airgeadais na hEorpa i gcomparáid leis an gcuma a bhí air dhá chéad bliain roimhe sin. Cén cheangal a bhí idir seo agus fás na trádála nó fás an stáit.

12. Bhí údaráis polaitiúla agus lucht léinn gafa go mór le fadhb na bochtaineachta i dtréimhse na luath nuastaire. Cérbh iad na hathraithe a tháinig ar a ndearcadh maidir leis na boicht faoin ochtú céad déag?

13. Ar tháinig athrú ar bith ar shaol an ghnáthphobail san Eoraip mar thoradh ar an gceannas a ghabh tíortha na hEorpa ar an gcuid eile den domhan?
NÓ
'Ní sa bhliain 1660 a thosaigh muintir na hEorpa a glacadh seilbh ar thíortha sna mór-roinnte eile, ach bhí an dáta sin mar tháirseach idir dhá thréimhse'. (Doyle) Conas a d'athraigh an gaol idir na tíortha Eorpacha agus a gcuid cóilíní taréis 1660?

14. 'Nuair a thárla éirí amach le linn luath nuastair na hEorpa, bhí gach uile aicme shóisialta páirteach innti'. (Kamen) An raibh na gearáin céanna ag na haicmí éagsúla?

15. Cad chuige go raibh tóir ag an ngnáthphobal ar léitheoireacht agus scríobhnóireacht i dtréimhse na luath nuastaire?

16. Cén sort iarrachtaí a rinne na hAthraithe Creidimh Protastúnach agus Caitliceach creideamh agus cleachtadh an ngnáthphobal a mhúnlú?